## Cad A Dhéanfaidh Tú:

✓ Déan cinnte go bhfuil áit shábháite agat munar féidir leat éalú ón teach.

✓ Déan cinnte de go bhfuil fón sa seomra chun glaoch ar chabhair.

✓ Déan iarracht a chinntiú go mbíonn fuinneog i dosheomra either sa dóigh go dtig leat éalú nó glaoch ar chabhair. (fan in aice na fuinneoige).

✓ Dún an doras agus séalaigh a bhun le tuáillí nó le pluide anna chun deatach contúirteach a choinneáil amach.

## Cuir Glaoch Ar 999 Nó 112

- Iarr ar an tseirbhís dóiteáin.
- Labhair go socair agus go soiléir.
- Tabhair do sheoladh agus d'uimhir fóin dóibh. Má tá tú ag úsáid do ghuthán póca, abair cén contae ina bhfuil tú.
- Ná cuir an guthán síos go dtí go n-insíonn an t-oibritheoir duit é sin a dhéanamh.

## Ná

✗ Téigh ar ais isteach i dteach atá trí thine ar chúis ar bith. Tóg cadhnraí ar iasacht ón aláram dóiteáin.

✗ Bíodh scátháin os cionn tinteáin le fíortine.

✗ D'fhéadfadh do chuid éadaí dul trí thine má sheasann tú ró-ghar chun féachaint sa scáthán.

!

Ar an meán faigheann **25 duine** bás i dtinte gach bliain in Éirinn.

Is iad simléir an **phríomhchúis** le tine sa teach.



## Cuimhnigh

**Bí cúramach agus tú ag úsáid téitheoirí iniompartha, leictreacha, gáis nó ola.**

- Ná húsáid téitheoirí in aice le troscán, cuirtíní nó leapacha.
- Ná fág téitheoirí ar siúl nuair a théann tú a chodladh.
- Tabhair aire má tá peataí in aice leis na téitheoirí.
- Ná bain úsáid as téitheoirí chun éadaí a thriomú.


**www.fireireland.ie**

**@FireSafetyIre**

**Fire Safety Ireland**

**Fire Safety Ireland**

**Teileafón:** +353 1 888 2000
**Ríomhphost:** firesafety@housing.gov.ie


**Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath, D01 W6X0**


fire safety
*Be on your guard*

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Sábháilteacht dóiteáin sa Bhaile

fire safety
*Be on your guard*



# Cuir Cosc Le Tine

## Ná

- ✗ Caith tobac agus tú sa leaba, tuirseach nó ar réim cógas.
- ✗ Fág an seomra nuair a bhíonn coinnle ar lasadh.
- ✗ Fág leanaí óga leo féin in aice le tine oscailte nó cócaireán.
- ✗ Fág lasáin agus lastóirí in áiteanna gur féidir le leanaí iad a fháil.
- ✗ Fág an seomra nuair a bhíonn sceallóg nó friochtán ar siúl, ar feadh nóiméid fiú.
- ✗ Ró-ualaigh soicéid leictreacha – soicéad amháin, breiseán amháin.
- ✗ Bain úsáid as fearais leictreacha nach n-oibríonn.
- ✗ Rith fearais leictreacha as soicéad solais.
- ✗ Úsáid téitheoir nó an cócaireán chun éadaí a thriomú.
- ✗ Úsáid peitreal nó pairifín chun sorn breosla soladach a lasadh.

## Caithfear iad seo a dhéanamh:

- ✓ Glan do shimléir agus seirbhísigh do chóras teasa uair sa bhliain ar a laghad.
- ✓ Bain úsáid as sciath thine le tinte oscailte.
- ✓ Coinnigh do shorcóir gáis lasmuigh, ar thalamh réidh agus i bhfad ó aon rud te.
- ✓ Bain úsáid as coimeádán ceart le haghaidh coinnle.
- ✓ Coimeád múchtóir dóiteáin oiriúnach agus blaincéad dóiteáin sa chistin.
- ✓ Folmhaigh luaithreadán sula dtéann tú a chodladh.
- ✓ Rith an t-ábhar faoin sconna sula gcaithfidh tú amach iad.
- ✓ Deisigh nó déan fearais leictreacha lochtacha a athsholáthar láithreach.
- ✓ Déan seiceáil sábháilteachta dóiteáin sula dtéann tú a chodladh.
- ✓ Dún gach doras san oíche.

# Braith Tine

**Tugann aláraim dóiteáin foláireamh luath duit faoi dhóiteán. Tarlaíonn 82% de na dóiteáin a mharaíonn daoine i dtithe nach bhfuil aláram dóiteáin ag oibriú iontu.**

- ✓ Cuir aláram dóiteáin i ngach seomra (seachas an seomra folctha agus an garáiste) chun do theach a chosaint.
- ✓ Cuir aláram teasa sa chistin.
- ✓ Déan do chuid aláraim dóiteáin a thástáil uair sa tseachtain ar a laghad.
- ✓ Athraigh na cadhnraí gach bliain.
- ✓ Athraigh an cadhnra láithreach nuair a chloiseann tú an bíp rabhaidh.
- ✓ Má tá tú bodhar nó mura bhfuil an éisteacht go maith agat, cinntigh go bhfuil aláram dóiteáin atá curtha in oiriúint duit, mar is cuí, agat.

# Éalaigh

- ✓ Déan plean éalaithe do do theach agus bí á cleachtadh é le gach duine a chónaíonn leat.
- ✓ Bíodh ar a laghad dhá bhealach amach pleanáilte agat ar eagla go mbeadh bealach amháin sáinnithe ag tine.
- ✓ Bíodh ionad cruinnithe agat in áit shábháilte taobh amuigh den teach.
- ✓ Coimeád do bhealach amach glan gach uile am de lá agus d'oíche.
- ✓ Coimeád eochracha na doirse agus na bhfuinneog in aice láimhe. Bíodh áit an ghutháin is gaire duit ar eolas agat chun glaoch a chur ar an tseirbhís dóiteáin.
- ✓ Má chloiseann tú an t-aláram dóiteáin, seiceáil na doirse le cúl do láimhe le haghaidh teasa sula n-osclaíonn tú iad. Má tá siad te, d'fhéadfadh an bealach a bheith sáinnithe ag tine.

# Seiceáil Sábháilteachta Dóiteáin

Ní thógann sé ach cúpla nóiméad **seiceáil sábháilteachta dóiteáin** a dhéanamh ach d'fhéadfadh sé difríocht a dhéanamh idir beatha agus bás. Déan é mar chuid de do ghnáthamh sula dtéann tú a chodladh.



## Gach Oíche:

- ✓ Múch fearais gháis.
- ✓ Múch coinnle agus lasracha gan chosaint.
- ✓ Cuir sciath thine os comhair tinte oscailte.
- ✓ Folmhaigh gach luaithreadán.
- ✓ Coimeád do bhealach amach go hiomlán glan.
- ✓ Dún gach doras.

I chomh beag le **3 nóiméad** d'fhéadfá bás a fháil ó ionanálú deataigh.

Is féidir le haláram dóiteáin atá **ag oibriú** do bheatha a shábháil!

fire safety
*Be on your guard*